# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2023/456 ÓN gCOMHAIRLE

**An 21 Feabhra 2023.**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus ar Phrótacal 37 ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101 a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([2]) ("Comhaontú LEE") i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, is féidir le Comhchoiste LEE a chinneadh, *inter alia*, Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus Prótacal 37 ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101 ("Prótacal 37" a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú).

(3) Tá Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2019 lena mbunaítear an Grúpa um Beartas Speictrim Raidió ([3]) le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XI agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh i gceangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus ar Phrótacal 37 ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101 a ghabhann le Comhaontú LEE, bunófar é ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

([1]) IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.
([2]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.
([3]) Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2019 lena mbunaítear an Grúpa um Beartas Speictrim Raidió agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2022/622/CE, (IO C 196, 12.6.2019, lch. 16).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 21 Feabhra 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. ROSWALL

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh […] Ó CHOMHCHOISTE LEE**

**an …**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus Prótacal 37 ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101 a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2019 lena mbunaítear an Grúpa um Beartas Speictrim Raidió agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2002/622/CE ([1]) le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2019, aisghairtear Cinneadh 2002/622/CE ón gCoimisiún ([2]), Cinneadh atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá, dá bharr sin, le haisghairm faoi Chomhaontú LEE.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XI agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 5ch (Cinneadh 2002/622/CE ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE:

“**32019 D 0612(01)**: Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2019 lena mbunaítear an Grúpa um Beartas Speictrim Raidió agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2002/622/CE, (IO C 196, 12.6.2019, lch. 16).

Léifear forálacha an Chinnidh, chun críocha an Chomhaontaithe reatha, agus an t-oiriúnú seo a leanas orthu:

(a) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 2(4) maidir le Stáit CSTE.

Módúlachtaí maidir le comhlachas Stáit CSTE i gcomhréir le hAirteagal 101 den Chomhaontú seo:

Glacfaidh Stáit CSTE páirt iomlán sa Ghrúpa um Beartas Speictrim Raidió agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu ann agus a bhíonn ag na Ballstáit den Aontas, cé is moite den cheart vótála. Ní bheidh comhaltaí ó Stáit CSTE incháilithe le haghaidh Chathaoirleacht an Ghrúpa um Beartas Speictrim Raidió ná a fhoghrúpaí”

*Airteagal 2*

I bpointe 16 de Phrótacal 37, cuirtear na focail “Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2019” in ionad na bhfocal “Cinneadh 2002/622/CE ón gCoimisiún”.

*Airteagal 3*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh ón gCoimisiún an 11 Meitheamh 2019 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO C 196, 12.6.2019, lch. 16.
([2]) IO L 198, 27.7.2002, lch. 49.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 5*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Chomhchoiste LEE*<br>*An tUachtarán* | *Rúnaithe*<br>*Chomhchoiste LEE* |

(*) [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]